



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2018
(OR. en)

8794/18

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0123 (COD)**

UD 96

TOGRA

Ó:	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Bealtaine 2018
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2018) 259 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos Cód Chustaim an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2018) 259 final.

Faoi iamh: COM(2018) 259 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2018
COM(2018) 259 final

2018/0123 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos Cód Chustaim an Aontais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

I ndiaidh chur chun feidhme fhorálacha substaintiúla Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais¹ (UCC) i mí na Bealtaine 2016, tá sé de thoradh ar phróiseas an chomhairliúcháin rialta leis na Ballstáit agus le gnólachtaí gur sainaithníodh earráidí agus aimhrialachtaí teicniúla is gá a cheartú chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhsheasmhacht a áirithiú. Dá bhrí sin, d'ullmhaigh an Coimisiún Eorpach an togra seo chun Cód Custaim an Aontais a leasú d'fhonn na hearráidí teicniúla agus na heasnaimh sin a cheartú, lena n-áirítear ailíniú UCC le comhaontú idirnáisiúnta nach raibh i bhfeidhm tráth a glacadh UCC, eadhon an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada (CETA). Is é is aidhm don togra freisin freagairt d'iarraidh ón Iodáil go nglacfaí le bardas Campione d'Italia agus uiscí Iodálacha de Loch Lugano mar chuid de chríoch chustaim an Aontais.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is é is aidhm don togra cur i bhfeidhm iomchuí Rialachán (CE) Uimh. 952/2013 a áirithiú, rud atá i gcomhréir iomlán le beartais agus cuspóirí a bhí ann cheana a bhaineann le trádáil earraí a thabharfar isteach agus amach as críoch chustaim an Aontais.

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is é is aidhm don togra a áirithiú go bhfuil Cód Custaim an Aontais ailínithe leis na comhaontuithe trádála idirnáisiúnta arna síniú ag an Aontas. Tá an ghné den togra maidir leis an gcinneadh bardas Campione d'Italia agus uiscí Iodálacha de Loch Lugano a ghlacadh mar chuid de chríoch chustaim an Aontais, tá an ghné sin nasctha leis na leasuithe comhthreomhara ar Threoir 2008/118/AE (an Treoir maidir le Mál) agus ar Threoir 2006/112/EC (an Treoir maidir le CBL). Ba cheart feidhm a bheith ag na leasuithe sin uile ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Is iad Airteagal 33, Airteagal 114 agus Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an togra.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tagann an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 3(1)(a) agus (e) CFAE. Ní féidir leis na Ballstáit gníomhú ina n-aonar sa réimse seo.

• Comhréireacht

Níl aon fhorbairtí beartais nua i gceist leis an togra i gcomparáid leis an ngníomh reachtach a bhfuil sé beartaithe a leasú leis; Déantar modhnú ar roinnt forálacha den ghníomh reachtach sin chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm forálacha eile den Rialachán céanna mar is

¹ IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

iomchuí, go ndéanfar an Rialachán a ailíniú leis an gcomhaontú idirnáisiúnta a tháinig i bhfeidhm tar éis ghlacadh an Rialacháin agus chun freagairt d'iarraidh ar leith ó Bhallstát a bhfuil éifeacht theoranta léi.

- **An rogha ionstraime**

Toisc gur gníomh dlí de chuid an Aontais Eorpaigh é an Cód, ní féidir é a leasú ach amháin le gníomh dlí comhionann.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Leis an leasú seo, ní athraítear substaint Rialachán (CE) Uimh. 952/2013, dá bhrí sin, tá an comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a rinneadh roimh ghlacadh an Rialacháin sin fós bailí.

Thairis sin, rinneadh na leasuithe ábhartha a phlé leis na Ballstáit agus le hionadaithe trádála i gcruinnithe comhpháirteacha de chuid an tSainghrúpa Custaim agus Ghrúpa Teagmhála na Trádála, áit ar thángthas ar chomhdhearcadh maidir le substaint an leagain is déanaí den téacs seo. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne maidir leis an togra trí Threochlár arna fhoilsiú ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr “Nocht Do Thuairim” agus thug suntas don aiseolas a tugadh ann.

- **Measúnú tionchair**

Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh i leith an tionscnaimh seo toisc nach rogha bheartais atá i gceist leis. Níl ann ach ceartuithe a dhéanamh ar Chód Custaim an Aontais chun i) roinnt saincheisteanna teicniúla agus aimhrialtachtaí a leasú a tháinig chun solais le linn an chéad dhá bhliain dá chur i bhfeidhm agus ii) freagairt d'iarraidh ó Bhallstát amháin go dtabharfaí faoi raon feidhme chríoch chustaim an Aontais feasta dhá fholimistéar dá chuid nár glacadh leo roimhe seo. Thairis sin, áiríthítear leis an tionscnamh seo comhsheasmhacht le forálacha eile de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, rud atá ina athmhúnlú de Rialachán (AE) Uimh. 450/2008 féin, a ndearnadh an Coimisiún measúnú tionchair ina thaobh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra ina chuidiú chun cuspóirí Chód Custaim an Aontais a bhaint amach. Déanann sé roinnt leasuithe teicniúla ar an gCód chun a áirithiú go mbainfidh an Cód a chuid cuspóirí amach, eadhon cur lena iomaíche atá gnólachtaí Eorpacha agus cosaint níos fearr á tabhairt do leasanna airgeadais agus leasanna eacnamaíocha an Aontais agus na mBallstát agus do shlándáil agus sábháilteacht thomhaltóirí an Aontais san am céanna.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag na leasuithe atá á moladh ar an mbuiséad ach éascóidh siad gnóthú chuspóirí custaim an Aontais, lena n-áirítear bailiú acmhainní dílse agus éascú trádála.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfidh an Coimisiún i gcrích, faoi 2021, meastóireacht eatramhach ar chreat dlíthiúil Chód Custaim an Aontais agus ar na córais leictreonacha a bheidh curtha chun feidhme faoin dáta sin. Seolfaidh sé seiceáil oiriúnachta níos cuimsithí tar éis 2025, nuair a bheidh Córais uile leictreonacha Chód Custaim an Aontais i bhfeidhm, lena chinneadh an bhfuil aon bhearnaí nó earráidí sa Chód nach mór dul i ngleic leo trí thogra níos uileghabhálaí maidir le leasú. I bhfianaise idirthréimhse reatha Chód Custaim an Aontais agus a bhfuil beartaithe maidir le meastóireachtaí amach anseo, meastar nach gá aon mheastóireacht a dhéanamh i ndáil leis an togra áirithe seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cuirtear san áireamh, sa togra seo, leasuithe ar na forálacha seo a leanas de chuid Chód Chustaim an Aontais:

- Ní mór Airteagal 4, lena dtugtar sainmhíniú ar chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, ní mór é a leasú i bhfianaise na hiarrata ón Iodáil bardas Iodálach Campione d'Italia agus uiscí Iodálacha Loch Lugano a thabhairt faoina raon feidhme. Ó tharla, san am a chuaigh thart, go raibh an dá heachtarchríoch Iodálacha sin lonnaithe laistigh de chríoch na hEilvéise, bhí údar leis sin roimhe seo le gur coimeádadh lasmuigh de Chríoch Chustaim an Aontais Eorpaigh iad ach meastar san Iodáil nach bhfuil gá leis sin a thuilleadh, go háirithe nuair is mian leis an Eilvéis glacadh leo mar chuid dá críoch chustaim féin. Beartaítear an leasú seo a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019.
- Ba cheart Airteagal 34(9), lena gceadaítear faoi choinníollacha áirithe síneadh a chur le húsáid chinntí Fhaisnéis Taraise Cheangailteach (BTI) nach bhfuil bailí a thuilleadh nó ar cúlghaireadh iad, ba cheart an tAirteagal sin a leasú ionas go bhféadfaí gurbh fhéidir síneadh a chur le húsáid na gcinntí i gcásanna breise a chumhdaítear faoi Airteagal 24(5) de Chód Custaim an Aontais, i.e. i gcásanna ina ndéantar an cinneadh BTI a chúlghairm ar an ábhar nach bhfuil sé i gcomhréir le reachtaíocht chustaim nó ar an ábhar nach gcomhlíontar a thuilleadh na coinníollacha a leagadh síos maidir le heisiúint chinneadh BTI (e.g. de thoradh caibidlíochtaí déthaobhacha idir dhá Bhallstát nó de thoradh teoraithe maidir le haicmiú a glacadh ar leibhéal an Aontais).
- Ba cheart Airteagal 124(h)(i) a leasú chun stóráil shealadach a chur le liosta na gcásanna inar féidir fiacha custaim (a thagann chun cinn toisc nár comhlíonadh foirmiúlachtaí custaim) a ghlanadh nuair nach ndearnadh aon tionchar suntasach diúltach, ná nach ndearnadh aon iarracht ar mheabhlaireacht agus gur tugadh an scéal chun rialtachta ina dhiaidh sin. Níl san eisiáimh reatha maidir le stóráil shealadach ach dearmad a tharla toisc nach n-áirítear stóráil shealadach i measc na nósanna imeachta custaim. An tarmligean cumhachta comhfhreagrach a thabharfar don Choimisiún chun an fhoráil a fhorlíonadh, ba cheart é a leasú chun stóráil shealadach a chur san áireamh.
- Ba cheart Airteagal 129(2)(b) a leasú chun a shoiléiriú, i gcásanna ina bhfuil ar údarais chustaim dearbhú iontrála achomair a chur ó bhail ar an ábhar nár tugadh isteach sa chríoch chustaim na hearraí nach de chuid an Aontais iad ach a chumhdaítear faoin dearbhú iad, ba cheart a shoiléiriú leis an leasú nach mór an neamhbhailíochtú a dhéanamh a luaithe is a bheidh 200 lá caite ón am a taisceadh an

dearbhu seachas “laistigh de” thréimhse 200 lá. Ceapadh na 200 lá mar thréimhse ama atá ag na dearbhóirí chun na hearraí a thíolacadh do na húdaráis chustaim tar EIS dóibh an dearbhú a thaisceadh.

- Ba cheart Airteagal 139(5) a leasú chun a shoiléiriú, i ngach cás nach bhfuil faisnéis réamhtheachta maidir le hearraí nach de chuid an Aontais iad (i bhfoirm “dearbhuithe iontrála achoimre”) curtha isteach ag oibreoirí eacnamaíocha nó iompróirí earraí sula dtiocfadh na hearraí i dtír agus sula dtíolacfaí do na húdaráis chustaim iad, ba cheart a shoiléiriú leis an leasú gur ghá go mbeadh na sonraí a bheadh curtha isteach sna dearbhuithe iontrála achoimre luaite sna dearbhuithe custaim nó sna dearbhuithe stórála sealadaí .
- Ba cheart Airteagal 146(2)(b) a leasú chun a shoiléiriú, i gcásanna ina mbeidh ar údaráis chustaim dearbhú stórála sealadaí a chur ó bhail ar an ábhar nár tíolacadh na hearraí ábhartha, gur ghá go ndéanfaí an neamhbhailíochtú a luaithe is a bheadh 30 lá caite ón am a taisceadh an dearbhú seachas “laistigh de” thréimhse 30 lá. Ceapadh na 30 lá mar thréimhse ama atá ag na dearbhóirí chun na hearraí a thíolacadh do na húdaráis chustaim tar éis dóibh an dearbhú a thaisceadh.
- Ba cheart Airteagal 260a nua a mholadh chun faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí a sholáthar nach féidir leas a bhaint as an bhfaoiseamh iomlán arna leagan síos in Airteagal 260 ach ar deisíodh nó ar athraíodh iad faoin nós imeachta próiseála amach i dtír lenar thug an tAontas comhaontú fabhrach i gcrích (amhail an Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála le Ceanada) lena bhforáiltear an faoiseamh sin.
- Ba cheart Airteagal 272 (2)(b) agus Airteagal 275(2)(b) a leasú chun a shoiléiriú, i gcásanna ina mbeidh ar údaráis chustaim dearbhú imeachta achomair nó fógra ath-onnmhairithe a chur ó bhail ar an ábhar nár onnmhairíodh na hearraí ábhartha, gur ghá go ndéanfaí an neamhbhailíochtú a luaithe is a bheadh 150 lá caite ón am a taisceadh an dearbhú nó an fógra seachas “laistigh de” thréimhse 150 lá. Ceapadh na 150 lá mar thréimhse ama atá ag na dearbhóirí chun na hearraí a a thabhairt leo amach as críoch chustaim an Aontais sula gcuirfear an dearbhú nó an fógra ó bhail.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 lena leagtar síos Cód Chustaim an Aontais

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 33, 114 agus Airteagal 207 de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,
De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán(AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² bunaítear Cód Custaim an Aontais (an Cód), ina leagtar síos na rialacha agus na nósanna imeachta ginearálta is infheidhme maidir le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais agus a thugtar amach aisti.
- (2) Ba cheart bardas Iodálach Campione d'Italia, eachtarchríoch Iodálach i gcríoch na hEilvéise, agus uiscí Iodálacha Loch Lugano, ba cheart glacadh leo mar chuid de chríoch chustaim an Aontais ar an ábhar nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag na cúiseanna stairiúla a bhí leis na críocha sin a eisiamh, amhail a n-iargúlacht agus a míbhuntáistí eacnamaíocha. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart na críocha sin a chur san áireamh sna socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil ach iad a eisiamh go fóill ón gcóras comhchoiteann cánach breisluacha. Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm gach riail go comhleanúnach ag an am céanna, ba cheart go mbeadh glacadh leis na críocha sin mar chuid de chríoch chustaim an Aontais ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.
- (3) Ba cheart an Cód a leasú chun a shoiléiriú gur féidir le sealbhóir chinneadh Fhaisnéise Taraife Ceangailtí (BTI) an cinneadh a úsáid suas le sé mhí ón am a cúlghaireadh an cinneadh más é gur tharla an chúlghairm mar gheall nach bhfuil an cinneadh i gcomhréir le reachtaíocht chustaim nó más rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha arna leagan síos i dtaobh eisiúint an chinnidh nó nach gcomhlíontar iad a thuilleadh.
- (4) Ba cheart stóráil shealadach a chur le liosta foirmiúlachtaí custaim a chumhdaítear faoin bhforáil a chuireann fiacha ar neamhní de thoradh neamhchomhlíonta i gcásanna nach raibh aon tionchar diúltach suntasach iontu, ná nach ndearnadh aon iarracht ar mheabhlaireacht agus gur tugadh an scéal chun rialtachta ina dhiaidh sin. Chun críocha fiacha a chur ar neamhní sna cásanna sin, níor cheart déileáil le stóráil shealadach ar

² Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

bhealach difriúil ó nós imeachta custaim. An tarmligeán cumhachta comhfhreagrach a thabharfar don Choimisiún chun an fhoráil a fhorlíonadh, ba cheart é a leasú chun stóráil shealadach a chur san áireamh.

- (5) I gcásanna ina mbeidh ar údaráis chustaim dearbhú iontrála achomair a chur ó bhail ar an ábhar nár tugadh isteach sa chríoch chustaim na hearraí a chumhdaítear faoin dearbhú, ba cheart an dearbhú iontrála achomair a chur ó bhail gan mhoill 200 lá ón am a taisceadh an dearbhú seachas laistigh de thréimhse 200 lá óir is le linn na tréimhse sin is gá earraí a thabhairt isteach i gcríoch chustaim an Aontais.
- (6) Chun gur féidir le húdaráis chustaim anailís riosca cheart agus rialuithe rioscabhunaithe iomchuí a dhéanamh, is gá a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha sonraí réamhtheachta i dtaobh earraí nach de chuid an Aontais iad ar fáil dóibh i bhfoirm dearbhaithe iontrála achomair. I gcásanna nár taisceadh dearbhú iontrála achomair roimh theacht na n-earraí ná nár tarscaoileadh an oibleagáid é sin a thaisceadh, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na sonraí, a chuirfí de ghnáth le dearbhuithe iontrála achoimre, a chur isteach mar chuid dá ndearbhuithe custaim nó mar chuid dá ndearbhuithe stórála sealadaí. Chun na críocha sin, ba cheart nach bhféadfaí dearbhú custaim nó dearbhú stórála sealadaí a thaisceadh in ionad dearbhú iontrála achomair ach amháin dá gceadódh na húdaráis chustaim amhlaidh san áit ina mbeadh na hearraí á dtíolacadh. I gcásanna ina mbeidh ar údaráis chustaim dearbhú stórála shealadaí a chur ó bhail ar an ábhar nár tíolacadh do na húdaráis chustaim na hearraí a chumhdaítear faoin dearbhú, ba cheart an dearbhú a chur ó bhail gan mhoill 30 lá ón am a taisceadh an dearbhú seachas laistigh de thréimhse 30 lá óir is le linn na tréimhse sin gur gá earraí a thíolacadh do na húdaráis chustaim.
- (7) Ba cheart faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí a sholáthar d'earraí ar deisíodh nó ar athraíodh iad faoin nós imeachta próiseála amach i dtír nó i gcríoch lenar thug an tAontas comhaontú fabhrach i gcrích lena bhforáiltear an faoiseamh sin, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tAontas a ngealltanais idirnáisiúnta i ndáil leis an méid sin. Ní cheanglaítear leis na comhaontuithe fabhracha, lena bhforáiltear faoiseamh, go bhfuil an faoiseamh infheidhme maidir le hallmhairiú earraí deisithe nó athraithe a fuarthas as earraí comhionanna nó as táirgí athsholáthair faoin gcóras malartaithe caighdeánach. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh feidhm ag an bhfaoiseamh ó dhleacht ar na hearraí agus na táirgí sin.
- (8) I gcásanna ina bhfuil ar údaráis chustaim dearbhú imeachta achomair nó fógra áth-onnmhairithe a chur ó bhail ar an ábhar nár tugadh amach as críoch chustaim an Aontais na hearraí ábhartha, ba cheart an dearbhú iontrála achomair a chur ó bhail gan mhoill 150 lá ón am a taisceadh é seachas laistigh de thréimhse 150 lá óir is le linn na tréimhse sin gur gá earraí a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais.
- (9) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, tá sé riachtanach agus iomchuí, chun na cuspóirí bunúsacha a bhaint amach le gur féidir leis an aontas custaim feidhmiú go héifeachtach agus le go gcuirfear an comhbheartas tráchtála i bhfeidhm, tá sé riachtanach agus iomchuí dul i ngleic le haimhrialtachtaí a braitheadh i gcur i bhfeidhm an Chóid, chun dhá chríoch de chuid Ballstáit laistigh de raon feidhme chríoch chustaim an Aontais agus chun an Cód a ailíniú le comhaontas idirnáisiúnta nach raibh i bhfeidhm tráth a glacadh é. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.
- (10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na dara fleisce déag:

“— críoch Phoblacht na hIodáile, cé is moite de bhardas Livigno,”;

(2) In Airteagal 34(9), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

“9. I gcásanna ina scoirfidh cinneadh FTC nó cinneadh FCT de bheith bailí i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1 nó le mír 2, nó ina ndéanfar an cinneadh a chúlghairm i gcomhréir le mír 5, mír 7 nó mír 8, féadfar cinneadh FTC nó cinneadh FCT a úsáid fós maidir le conarthaí ceangailteacha a bhí bunaithe ar an gcinneadh sin agus a tugadh i gcrích sula scoirfidh sé de bheith bailí nó sula ndéanfar é a chúlghairm. Ní bheidh feidhm ag an úsáid bhreisithe sin i gcás ina ndéanfar cinneadh FCT maidir le hearraí atá le honnmhairiú.”;

(3) in Airteagal 124(1)(h), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

“(i) ní raibh éifeacht shuntasach ag an teip as ar eascair tabhú an fhéich custaim ar oibriú ceart na stórála shealadaí nó an nós imeachta custaim lena mbaineann agus ní iarracht ar mheabhlaireacht a bhí inti,”;

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 126:

“Airteagal 126

Tarmligean cumhachta

Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 284, chun liosta na dteipeanna nach raibh éifeacht shuntasach acu ar oibriú ceart na stórála sealadaí nó ar an nós imeachta custaim lena mbaineann agus chun pointe (i) d’Airteagal 124(1) a fhorlíonadh.”;

(5) in Airteagal 129, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh dearbhú iontrála achomair ina leith isteach i gcríoch chustaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) arna iarraidh sin don dearbhóir;

(b) má tá 200 lá caite ón am a taisceadh an dearbhú.”;

(6) in Airteagal 139, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

“5. I gcás nach mbeidh earraí a thíolacfar do lucht custaim, nach earraí de chuid an Aontais iad, cumhdaithe ag dearbhú iontrála achomair, agus cé is moite de chás inar tarscaoileadh an oibleagáid dearbhú den sórt sin a thaisceadh, taiscfídh duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 127(4), gan dochar d’Airteagal 127(6), an dearbhú sin nó le húdarú ó na húdaráis chustaim, dearbhú custaim nó dearbhú stórála sealadaí ina ionad gan mhoill. Sna cásanna seo ina ndéanfar dearbhú custaim nó dearbhú stórála sealadaí a thaisceadh, áireofar ann ar a laghad na sonraí atá ag teastáil don dearbhú iontrála achomair.”;

- (7) in Airteagal 146, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- “2. I gcás nach dtíolacfar na hearraí ar taisceadh dearbhú stórála sealadaí ina leith do chustam, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail gan mhoill in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- (a) arna iarraidh sin don dearbhóir;
- (b) má tá 30 lá caite ón am a taisceadh an dearbhú.”;

- (8) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

“Airteagal 260a

Earraí arna ndeisiú nó arna n-athrú i gcomhthéacs comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha

1. Deonófar faoiseamh iomlán ó dhleacht ar allmhairí do tháirgí próiseáilte de thoradh ar earraí atá faoin nós imeachta próiseála amach i gcás ina ndeimhneofar an méid seo a leanas chun sástacht na n-údarás custaim:

- (a) deisíodh nó athraíodh na hearraí i dtír nó i gcríoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas léi lena bhforáiltear an faoiseamh sin, agus
- (b) comhlíonfar na coinníollacha le haghaidh an fhaoisimh a leagtar síos sa chomhaontú dá dtagraítear i bpointe (a).

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le táirgí próiseáilte de thoradh ar earraí comhionanna dá dtagraítear in Airteagal 223 ná maidir le táirgí athsholáthair dá dtagraítear in Airteagail 261 agus 262.”;

- (9) in Airteagal 272, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh dearbhú imeachta achomair ina leith amach as críoch chustaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an dearbhú sin ó bhail gan mhoill in aon cheann de na cásanna a leanas:

- (a) arna iarraidh sin don dearbhóir;
- (b) má tá 150 lá caite ón am a taisceadh an dearbhú.”;

- (10) in Airteagal 275, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

“2. I gcás nach dtabharfar na hearraí ar taisceadh fógra ath-onnmhairithe ina leith amach as críoch chustaim an Aontais, cuirfidh na húdaráis chustaim an fógra sin ó bhail in aon cheann de na cásanna a leanas:

- (a) arna iarraidh sin don dearbhóir;
- (b) má tá 150 lá caite ón am a taisceadh an fógra.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1(1) ón 1 Eanáir 2019 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*